

Fodhlíthe Trá Chomhairle Contae Chiarraí 2013

Ag baint leas as na cumhachtaí a tugadh dóibh i gCuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus gach aon chumhacht eile cumasaithe thar a ceann san déanann Comhairle Contae Chontae Chiarraí (ar a dtugtar “an Chomhairle” as seo amach) na Fodhlíthe seo a leanas.

1. Luaitear na Fodhlíthe seo mar na Fodhlíthe Trá Chomhairle Contae Chiarraí 2013.
2. Beidh feidhm leis na fodhlíthe seo ar na tránna a shonraítear sna Sceidil agus sna Léarscáileanna atá leis na Fodhlíthe seo seachas ar bhóithre phoiblí agus i gcarrchlóis phoiblí ar na suímh úd.
3. Beidh feidhm leis na Fodhlíthe seo ar an Aoine 21 Meitheamh 2013.
4. Leis seo beidh na Fodhlíthe (Leasú) Trá Chomhairle Contae Chiarraí, 2007 déanta 21 Bealtaine 2007 arna aisghairm le héifeacht ó 21/06/2013
5. **Léirmhíniú**

Ar fud na bhFodhlíthe, seachas riachtanas comhthéacs eile, beidh brí faoi seach mar a leanas leis na focail agus leis na téarmaí seo, is é sin le rá:

- (a) Ciallaíonn “Duine Údaraithe” aon fhostaí de chuid na Comhairle nó aon duine sainithe ag an gComhairle chun críocha na bhFodhlíthe seo.
- (b) Ciallaíonn “Trá” imeall trá agus gach aon trá, banc, aill, trá ghainimh, dumhach agus gach aon limistéar teorantach léi sin maraon leis na huiscí imeall trá fad 300 méadar i dtreo na farraige ón leibhéal uisce is ísle.
- (c) Ciallaíonn “Toiliú na Comhairle” cead scríofa ón gComhairle.
- (d) Ciallaíonn “Comhairle” Comhairle Contae Chiarraí.
- (e) Ciallaíonn “Imeall Trá” an grinneall agus talamh na farraige agus gach aon abhainn thaoide agus inbhear taoide agus gach aon chaol, góilín agus cuan na farraige nó a leithéid d’aon abhainn nó inbhear, laistíos de bharr lán gnáth-thaoide nó taoide meánach.
- (f) Cuimsíonn “Capall” asal agus miúil.

- (g) Ciallaíonn “Clár Eitleoige” clár le cabhair eitleoige a úsáidtear le haghaidh snámh toinne is a ligeann don oibritheoir seoladh feadh tonnta chomh maith le síos orthu.
- (h) Ciallaíonn “Núis” cur isteach míréasúnta ar éinne nó clampar nó ciapadh maidir lena c(h)earta a fheidhmiú.
- (i) Ciallaíonn “Feithicil Easbhóthair” aon fheithicil inneallghluaiste nó rothar troitheán a dearadh, a cuireadh in oiriúint nó a úsáidtear go hiomadúil don taisteal easbhóthair, bugaithe trá agus cuadrothair san áireamh.
- (j) Tá an brí céanna le “Ceadúnas” is atá le “Toiliú na Comhairle” ag (c) anso thuas.
- (k) Ciallaíonn “Clár Seoil” clár agus seol ceangailte dó a ligeann don oibritheoir seoladh feadh tonnta chomh maith le síos orthu.
- (l) Ciallaíonn “Séasúr an tSamhraidh” míonna Bealtaine, Meithimh, Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.
- (m) Ciallaíonn “Clár Snámh Toinne” clár a úsáidtear don snámh toinne a bhaineann leas as fuinneamh na dtonn mar mhodh tiomána.
- (n) Cuimsíonn “Snámh” ar snámh, lapadáil, iascaireacht nó a bheith sa bhfarraige ar shlí eile chun fóillíochta.

6. Caithfidh gach éinne déanamh de réir aon agus nó gach ordú a fhaightear ó dhuine údaraithe.

7. Gnímh Thoirmiscithe

Ní dhéanfaidh éinne ar aon cheann de na tránna a shonraítear i **Sceideal a hAon** de na Fodhlíthe seo:

- (a) Núis ná aon iompar ná gníomhaíocht a d’fhéadfadh núis a tharraingt;
- (b) Toirmeasc, bac a chur ná cur isteach ar dhuine údaraithe maidir le forálacha na bhFodhlíthe seo a chur i bhfeidhm;
- (c) Cur isteach nó clampar a tharraingt ar, ná díobháil d’aon dumhach, fásra nó aon fhearas, struchtúr, áis, pláta eolais, clár, nó comhartha a sholáthraíonn aon duine nó comhlacht údaraithe uirthi.
- (d) Aon fheithicil (inneallghluaiste nó eile) nó aon rothar troitheán a chur ná a fhágaint mar a gcruthófaí bac, gortú, baol, ciapadh nó ceataí d’éinne nó díobháil don trá nó d’aon mhaoin, go toilteanach nó go míchúramach.

- (e) Ach amháin le Toiliú na Comhairle roimh ré, nó toiliú aon chomhlact reachtúil eile a bheidh údaraithe chun a leithéid de ghníomhachtaí a ceadú :-
- (i) Aon airteagal, tráchtarra, rud nó seirbhís ar bith (teagasc san áireamh) a dhíol, a fhuiliú, a thairiscint ná a nochtadh le díol nó le fuiliú ar luaíocht airgeadaíochta nó ar aon slí eile.
 - (ii) Aon airteagal, tráchtarra, rud nó seirbhís ar bith (teagasc san áireamh) a sholáthar ná a sheachadadh, san áireamh tá cúinsí mar a gcuireadh tús leis an ngnóthas díolta, fruilithe nó tairiscint le díol nó le fuiliú ar shuíomh eile seachas ar an dtrá trí chumarsáid leictreonach faoi bhrí an Acht um Thráchtáil Leictreonach 2000 (san áireamh tá aon leasú, aisgharm nó athachtú nó a leithéid eile de sin), agus mar a leantar nó mar a gcríochnaítear an gnóthas sin ar an dtrá trín airteagal, tráchtarra, rud nó seirbhís a sholáthar nó a sheachadadh.
- (f) Teagasc snámh toinne nó gníomhaíochtaí spórt uisce eile a dhíol, a sholáthar ná ar aon slí eile a thairiscint le díol nó le soláthar ó thrá, nó ó limistéar sínte léi, gan cheadúnas bailí a bheith faighte roimh ré ón gComhairle agus an ghníomhaíocht a stiúradh de réir coinníollacha a leithéid de cheadúnas agus de réir na gcoinníollacha eisithe ag Sábháilteacht Uisce na hÉireann, agus an creidiúnú riachtanach de chuid Cumann Uisce Snámh na hÉireann agus/nó aon chomhlact eile aitheanta ag an gComhairle chun a leithéid de chaighdeán a eisiúint. Maidir leis sin tá sé riachtanach go mbeidh aon eagraíocht chreidiúnaithe mar bhall den Chumann Idirnáisiúnta Snámh Toinne.

Beidh sé riachtanach freisin go mbeidh polasaithe cuí um chosaint leanaí agus cleachtais seiceála an Gharda a chomhlíonann riachtanais reachtúla na hÉireann i bhfeidhm ag an eagraíocht chreidiúnaithe.

8. Rialú Capall

Cinntoidh daoine a bheidh i bhfeighil capaill ar aon trá atá ar an liosta i **Sceideal a hAon** an méid seo a leanas :-

- (i) É a bheith i gcónaí faoi smacht;
- (ii) Nach bhfuil sé ina chúis chiaptha, bhaoil ná núise ag éinne a bhaineann úsáid as an dtrá;

- (iii) Nach ligtear dó dul ar aon chuid den dtrá mar a bhfuil dummhcha, ach amháin le cead scríofa na Comhairle nó aon chomhlacht reachtúil eile a bheidh údaraithe chun a leithéid de ghníomhaíocht a ceadú agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha a leithéid de chead.

(Ní bhaineann an Fodhlí seo le capaill a choimeádann An Garda Síochána agus a bhíonn in úsáid go hiomlán ag fostaí nó ag ball den Gharda Síochána i mbun dualgais).

9. **Carbháin, Campáil 7rl.**

Ní chuirfidh ná ní choimeádfaidh éinne carbhán, carbhán gluaisite, puball ná aon áitreabh eile cónaithe ar aon chuid de na tráanna atá ar an liosta i **Sceideal a Dó** de na Fodhlíthe seo gan toiliú na Comhairle agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha a leithéid de chead.

10. **Feithiclí (Srianta)**

Ní thiomáinfidh, ní bhrúfaidh chun cinn, ní sháfaidh, ní pháirceálfaidh ná ní fhágfaidh éinne gluaisistéan ná feithicil eile inneallghluaiste ar na tráanna atá ar an liosta i **Sceideal a Trí** de na Fodhlíthe seo (seachas i limistéar a bheidh ainmnithe ag an gComhairle nó ag comhlacht reachtúil eile chuige sin) gan toiliú na Comhairle nó aon chomhlacht eile a bheidh údaraithe chun a leithéid de ghníomhaíocht a ceadú agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha a leithéid de chead.

Ní chuirfidh an fhoráil seo srian le húinéirí ná le háitritheoirí áitreabh a bheith ag síneadh le trá mar a mbíonn cearta saoráide seanbhunaithe uirthi siúd ná ní chuirfidh sí srian lena cumhachta reachtúla á gcleachtadh ag aon Áisínacht.

(Ní bhainfidh an Fodhlí seo le feithicil á hoibriú ag an gComhairle ná ag a gníomhairí, ag Coimisinéir na nOibreacha Poiblí, ag an nGarda Síochána, ag na Fórsaí Cosanta ná ag aon seirbhís aitheanta tarrthála.

11. **Feithiclí Easbhóthair**

Ní thiomáinfidh, ní bhrúfaidh chun cinn, ní sháfaidh, ní pháirceálfaidh ná ní fhágfaidh éinne aon fheithicil easbhóthair atá ar an liosta i **Sceideal a Ceathair** de na Fodhlíthe seo gan toiliú na Comhairle, nó aon chomhlacht eile a bheidh údaraithe chun a leithéid de ghníomhaíocht a ceadú agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha a leithéid de chead.

Ní chuirfidh an fhoráil seo srian le húinéirí ná le háitritheoirí áitreabh a bheith ag síneadh le trá mar a mbíonn cearta saoráide seanbhunaithe uirthi siúd ná ní chuirfidh sí srian lena cumhachta reachtúla á gcleachtadh ag aon Aisínacht.

(Ní bhainfidh an Fodhlí seo le feithicil á hoibriú ag an gComhairle ná ag a gníomhairí, ag Coimisinéir na nOibreacha Poiblí, ag an nGarda Síochána, ag na Fórsaí Cosanta ná ag aon seirbhís aitheanta tarrthála.

12. Cláir Shnámh Toinne, Cláir Eitleoige agus Cláir Sheoil

Ní dhéanfaidh éinne snámh gaoithe ar chlár seoil ná snámh eitleoige ar chlár eitleoige ná snámh toinne ar chlár snámh toinne i ngiorracht do lucht snámha.

13. Cead a Dhiúltú

Féadfaidh an Chomhairle cead a dhiúltú d'aon chríoch a luaitear sna Fodhlíthe seo má mheasann siad, agus ceann á thógaint de cháil an iarratasóra, nádúr an ghníomhaíocht atá i gceist, caighdeán na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear, an creidiúnú riachtanach, an líon daoine ag a bhfuil ceadúnais faoi láthair den aicme céanna agus/nó compord agus cóir cuairteoirí chun na trá, nár chóir ceadúnas a bhronnadh.

14. Ceadúnais

- (a) Féadfaidh an Chomhairle ceadúnas a bhronnadh mar is rogha leo féin amháin, faoi réir pé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith cuí, chun cuid no codanna den trá a úsáid chun críoch dhíolta, fhruilithe nó chun aon airteagal, tráchtarra nó rud ar bith a thairiscint le díol.
- (b) Féadfar ceadúnas a bhronnadh go ceann pé tréimhse a chinnteoidh an Chomhairle.
- (c) Féadfaidh an Chomhairle, trí fhógra scríofa, téarmaí agus coinníollacha a leithéid de cheadúnas a aisghairm, a athrú, a leasú nó a theorannú.
- (d) Ní bhainfidh ceadúnas bronnta ag an gComhairle freagracht ná dliteanas pearsanta d'aon duine/daoine ar a bronnadh a leithéid de chead maidir le haon ghníomh nó faillí coiriúil, mídhlisteanach, neamhdhlíthiúil nó faillitheach ar a bhféadfaí a leithéid de dhuine/dhaoine a agairt nó a chúiseamh am ar bith.
- (e) Agus ceadúnas bronnta ag an gComhairle, ní mheasfar ar aon slí an Chomhairle, a gcuid oifigeach ná fostaithe a lua le ná a tharraingt isteach i bhfreagracht ná i ndliteanas maidir le haon ghníomh nó faillí déanta ag aon duine/daoine ar a bronnadh a leithéid de chead nó ag a sherbhísigh nó ag a ghníomhairí.
- (f) Deanfar iarratas ag an gComhairle ar cheadúnas ar a laghad 15 lá roimis an chead lá ar a mbeidh sé ar intinn gabháil den ghníomhaíocht lena mbaineann an t-iarratas.
- (g) Caithfidh éinne a iarrann ceadúnas ar an gComhairle pé eolas a iarrtar ar an bhfoirm iarratais a sholáthar don Chomhairle maraon le haon eolas eile dá leithéid a fhéadfaidh an

Chomhairle a iarraidh chun a gcuid dualgas agus feidhmeanna faoi na Fodhlíthe seo a chur i bhfeidhm.

- (h) Íocfaidh iarratasóirí taille iarratais ar cheadúnas in aghaidh gach suíomh ar a bhféadfar an tseirbhís a soláthar:-
 - i. Gníomhaíochtaí Spórt Uisce €250 per annum agus €150 ar cheadúnas breise
 - ii. Aon Ghníomhaíocht eile €100 per annum

Agus ceadúnas bronnta, féadfar dualgas a bheith ar an iarratasóir €250 a íoc leis an gComhairle chun a leithéid de chostais a bheadh ar an gComhairle maidir le cigireacht, monatóireacht agus/nó forfheidmiú an cheadúnais a ghlanadh.

- (i) Tá ceart forchoimeáda ag an gComhairle aon iarratas a dhiúltú.

15. Coireanna

- (a) Féadfaidh Duine Údaraithe nó ball den Gharda Síochána gníomhú go hoiriúnach chun na Fodhlíthe seo a chur i bhfeidhm.
- (b) Éinne a sháraíonn foráil na bhFodhlíthe seo nó a thoirmisceann nó a bhacann nó a dhiúltaíonn géilleadh d'iarratas duine údaraithe nó ball den Gharda Síochána a dhéantar i gcúrsa géilliúllacht d'fhorálacha na bhFodhlíthe seo a fhorfheidmiú, beidh an duine sin ciontach i gcoir agus freagrach ar chiontú achomair i bhfíneáil faoi bhun **€1500**.
- (c) Má bhíonn cúis réasúnta ag duine údaraithe nó ag ball den Gharda Síochána lena chreidiúint go sáraíonn nó gur sháraigh éinne foráil na bhFodhlíthe seo, nó go bhfuiltear ag gníomhú chun go mbristear téarmaí ceadúnais bhronnta faoi na Fodhlíthe seo, féadfaidh sé/sí Fógra a sheirbheáil ar a leithéid de dhuine ag rá nach mbunófar ionchúiseamh na sáraithe sin má dhéantar íocaíocht €50.00 leis an gComhairle laistigh de lá is fiche ó dháta seirbheála an Fhógra.
- (d) Féadfaidh duine údaraithe nó ball den Gharda Síochána iarraidh ar éinne a bhfuil an cuma air/uirthi go bhfuil nó go raibh sé/sí ag sárú foráil na bhFodhlíthe seo staonadh óna leithéid de ghníomh agus féadfar éinne a dhiúltaíonn géilleadh dona leithéid d'achainí a chur faoi chois.
- (e) Má mheasann duine údaraithe nó ball den Gharda Síochána go bhfuil nó go raibh coir lena mbaineann na Fodhlíthe seo á dhéanamh ag éinne, féadfaidh sé/sí ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaítear don éileamh úd nó má thugann an duine ainm agus seoladh atá lochtach nó

míthreorach beidh an duine úd ciontach i gcoir. Má mheasann Ball den Gharda Síochána go bhfuil nó go raibh coir lena mbaineann an chuid seo á dhéanamh ag éinne, féadfaidh an ball an duine sin a ghabháil gan bharántas.

- (f) Féadfaidh duine údaraithe nó ball den Gharda Síochána Fíneáil Ar an Láthair a eisiúint de dheasca na bhFodhlíthe seo a shárú nó de dheasca aon cheadúnas nó coinníoll(acha) aon cheadúnais bhronnta faoi na Fodhlíthe seo a bhriseadh.
- (g) Ní dhéanfaidh aon rud atá laistigh de ná a dhéantar faoi fhorálacha na bhFodhlíthe seo cearta agus leas an stáit san imeall trá a dhochrú ná ní chuirfidh sé isteach go díobhálach orthu, ná ní choiscfidh feidhmiú aon chearta poiblí air siúd, ná ní dhéanfaidh aon cheart, cumhacht ná pribhléid infheidhmithe go dleathach ag éinne ins, thar nó maidir leis an imeall trá a dhochrú ná ní chuirfidh sé isteach go díobhálach orthu.

16 Sceidil

Meastar go gcuimsíonn tagairt do na tránna atá ar na liostaí sna sceidil atá leis seo na limistéir a aithnítear ar na léarscáileanna atá ceangailte leis na Fodhlíthe seo.

SCEIDEAL A hAON

An Mhuiríoch/Gallaras	Doire Fhionáin
Áth an Chaisle	Dún Séan
Baile na nGall	An Fhianait
Baile an Sceilg	Formhaoil
Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	Cuas an Fheirtéaraigh
Baile an Bhuinneánaigh Theas	An Gabhlán
Baile Uí Thaidhg	Inse
Baile Uí Dhuinn/Bréanainn	Trá na hUíne
Trá na Beanna	Na Cealla
Bearrúin	Cill Chuimín
Béal Bán	Cill Seanaigh
Béal/Leitir	An Chill Mhór
An Bhinn Bhán	Cinn Aird /Béal Trá Bige
Ceapach Chlocha	Trá Fada (Baile an Bhuinneánaigh)
An Cheapaigh	An Machaire Beag
Carraig Áithe	An Mhin Aird Thiar
Caisleán Ghriaire/Dr. na Trínse	An Rinn Rua
Cill Mhuire	Ros Beithe
Na Clocha Dubha/Trá Thiar (Machairí)	An Sráidbhaile
An Cloichear	An Gleann
Com Dhíneoil	Tráigh an Fhíona
Coonanna	Trá na Sasanach
Cuan Cromtha	Fionntrá
Trá Chora Locha/Faiche Mór	An Coireán
An Cromán	An Trá Bán (Cathair Saidhbhín)
Doire Mór	An Trá Bán (An Siopa Dubh)

SCEIDEAL A DÓ (Carbháin/Campáil)

Baile an Sceilg	An Fhianait
Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	Inse
Baile an Bhuinneánaigh Theas	Na Cealla
Baile Uí Thaidhg	Cill Seanaigh
Trá na Beanna	An Machaire Beag
Caisleán Ghriaire/ Dr. na Trínse	Ros Beithe
Na Clocha Dubha/Trá Thiar (Machairí)	Fionntrá
Trá Chora Locha /Faiche Mór	An Trá Bán (Cathair Saidhbhín)
Doire Fhionáin	

SCEIDEAL A TRÍ (Feithiclí - Ginearálta)

An Mhuiríoch / Gallaras	Com Dhíneoil
Áth an Chaisle	Doire Mór
Baile na nGall	Doire Fhionáin
Baile an Sceilg	An Fhianait
Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	Inse
Baile an Bhuinneánaigh Theas	Trá na hUíne
Baile Uí Thaidhg	Na Cealla
Trá na Beanna	An Machaire Beag
Béal Bán	Ros Beithe
Ceapach Chlocha	Tráigh an Fhíona
Carraig Áithe	Fionntrá
Caisleán Ghriaire/ Dr. na Trínse	An Trá Bán (Cathair Saidhbhín)
An Cloichear	An Trá Bán (An Siopa Dubh)

SCEIDEAL A CEATHAIR (Feithiclí - Easbhóthair)

An Mhuiríoch	Trá Chora Locha /Faiche Mór
Áth an Chaisle	Doire Mór
Baile na nGall	Doire Fhionáin
Baile an Sceilg	An Fhianait
Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	Inse
Baile an Bhuinneánaigh Theas	Trá na hUíne
Baile Uí Thaidhg	Na Cealla
Trá na Beanna	Cill Seanaigh
Béal Bán	Trá Fada (Baile an Bhuinneánaigh)
Béal/Leitir	An Machaire Beag
Ceapach Chlocha	Ros Beithe
Carraig Áithe	An Sráidbhaile
Caisleán Ghriaire/ Dr. na Trínse	Tráigh an Fhíona
Na Clocha Dubha/Trá Thiar (Machairí)	Fionntrá
An Cloichear	An Trá Bán (Cathair Saidhbhín)
Com Dhíneoil	An Trá Bán (An Siopa Dubh)

Déanta faoi Shéala Oifigiúil Chomhairle Contae Chiarraí

DÁTAITHE AN _____ LÁ SEO _____, 2013

I LÁTHAIR nuair a greamaíodh Séala Oifigiúil Chomhairle Contae Chiarraí.

AN MÉARA NÓ FOSTAÍ AINMNITHE _____